TUARASCÁIL NA nIONTAOBHAITHE

Leabharlann Chester Beatty



CLÁR ÁBHAIR

Iontaobhaithe na Leabharlainne 3
Forléargas 6
Gníomhaíochtaí Foirne agus Roinne 8
Stiúrthóir 8
Forbairt 10
Comhaltas 11
Ceann na mBailiúchán 12
Coimeádaí Bhailiúcháin an Iarthair 12
Roinn na hÁise Thoir 13
Roinn Ioslamach 14
Leabharlann Tagartha 15
Caomhantas 16
Clár Oideachais agus Oibrithe Deonacha 18
Ceann Oibriúchán agus Riaracháin 19
Teicniúil 20
Cearta agus Atáirgeadh 21
Príomhfhreastalaí 22
Siopa Bronntanais 22
Imeachtaí 22
Scoir 23
Aguisíní
Foireann 29
Oibrithe Deonacha 32
Clár Comhardaithe 35

IONTAOBHAITHE NA LEABHARLAINNE

An Dochtúir T.P. Hardiman (Cathaoirleach)
An tOllamh Roger Stalley (Leaschathaoirleach)
An tOllamh Kathleen James Chakraborty
An Tiarna Marc Cochrane
Dermot Desmond
Joan Duff
An tOllamh Sean Freyne
Caroline Gray
Elizabeth Maguire
Madeleine O'Sullivan
Fiona A. Ross (ex officio)

FORLÉARGAS

Ba chrua dhúshlánach na cúinsí ina raibh an Leabharlann ag feidhmiú i 2010 ach in ainneoin sin cuireadh clár poiblí uaillmhianach i gcrích. Eagraíodh trí thaispeántas mhóra i rith na bliana; chuige sin theastaigh díchóimeáil an ghailearaí Arts of the Book le go mbeifí in ann bheith ina óstach do thionscadal tábhachtach idirnáisiúnta, *Telling Images of China*; ba thoradh an taispeántas ar mhórphleanáil agus ar chomhoibriú le hIarsmalann Shanghai. Taispeántas de 38 péintéireacht a bhain le fabhalscéalta, le béaloideas agus le stair na Síne a bhí ann agus ba é an chéad uair taobh amuigh den tSín dó.

Ina theannta sin ghléas an Leabharlann taispeántas fáilte abhaile de *Muraqqa' – Imperial Mughal Albums*; taispeántas rathúil de chuid na Leabharlainne atá ann agus bhí sé ar ais arís sa bhaile tar éis thuras na Stáit Aontaithe inar glacadh go fonnmhar leis. Tá bailiúchán péintearachtaí Indiach Mughal na Leabharlainne ar na ceanna is áille dá shórt agus ba dheis annamh é an chuid ab áille ar fad de a fheiceáil.

Bhí an Leabharlann ina óstach do *Heroes and Kings of the Shahnama* a osclaíodh i mí na Samhna; reáchtáladh an taispeántas sin lena chomóradh gur chothrom an ama seo 1000 bliain ó shin a tugadh chun críche téacs na heipice Iaránaí mór le rá náisiúnta darbh ainm céanna.

Chuir na taispeántais sin agus ceanna eile nach iad, ar a n-áirítear *Mani: The Lost Religion of Light* atá fós ar siúl, Divine Inspiration (An Baile Meánach) agus *A Sikh Face in Ireland* críoch le clár taispeántais lán d'imeachtaí agus tháinig 206,653 cuairteoir chucu uile in rith na bliana.

Thug an Leabharlann chun críche freisin obair fheabhsúcháin thábhachtach ar bhonneagar TF, go háirithe ar chóras nua bainistithe bailiúchán (Adlib) atá glactha anois agus a chinnteoidh go mbeidh fáil ag an bpobal ar shealúchais na Leabharlainne sna blianta amach romhainn.

Amach ó na taispeántais agus ó na feabhsúcháin sin ar an gcóras, ceiliúradh cuimhne bhunaitheoir na Leabharlainne ar dhá bhealach: thug an tOllamh Craig Clunas (Oxford) léacht bliantúil Chester Beatty dar theideal: 'Farewells, Enchantments and Seductions: Power and Authority in Chinese Figure Paintings' agus cheannaigh an leabharlann ar ceant poiblí i Londain trí chinn d'fhóiliónna maisithe tábhachtacha ó lámhscríbhinn a bhí i seilbh Leabharlann Chester Beatty tráth dá raibh (díoladh iad i 1969) agus tugadh ar ais go dtí an Bailiúchán iad.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ FOIRNE AGUS ROINNE

Stiúrthóir

Bhí an Stiúrthóir, Dr Michael Ryan, ina ionadaí thar ceann na Leabharlainne ar chuimse chomhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta ar a n-áirítear Comhairle na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta agus tugadh cuireadh dó bheith ina chomhalta den Acadaemia Europea, mór an onóir. Lean sé de bheith ina Chathaoirleach ar an gClár Discovery agus ar ICOM-Ireland. D'fhóin sé ar Chomhairle Feidhmeannach ASEMUS agus bhí sé ina chomhalta Bhoird ar fho-chomhlacht dá cuid, Bailiúchán Fíorúil na Sárshaothar. Ceapadh ina bhreitheamh é d'ócáid bhronnta an Ghradaim, Iarsmalann Eorpach na Bliana; rinneadh sé measúnú ar sheacht gcinn de na hiontrálaithe agus d'fhreastail sé ar chruinniú den Giúiré in Iostanbúl i mí na Samhna.

D'fhreastail an Dr. Ryan freisin ar chomhdháil a d'eagraigh Index of Christian Art, Princeton (NJ) agus léigh sé páipéar ag an ócáid; bhí sé i láthair ag an deichiú Comhthionól Ginearálta ASEMUS ar chomhalta boird de é i bPáras agus bhí sé i láthair freisin agus d'fhóin sé ar choiste na rún ag an gComhthionól Tríbhliantúil d'ICOM, Shanghai.

Anseo sa bhaile d'fhreastail sé ar lear mór cruinnithe maidir le saincheisteanna na seirbhíse poiblí in éindí le hoifigigh ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta: chuir sé roinnt tuarascálacha faoin Leabharlann ar fáil don Roinn i gcomhthéacs na géarchéime leanúnaí airgeadais. Chuir sé comhairle agus tacaíocht ar fáil i ndáil le céimeanna tosaigh phróiseas lorgtha Stiúrthóra nua a raibh tús curtha leis ag na hIontaobhaithe.

D'éirigh an Dr Ryan as oifig mar Stiúrthóir ag deireadh na bliana 2010 d'fhonn dul i mbun taighde agus scríbhneoireachta. Tá aitheasc ag deireadh na tuarascála seo a scríobh Cathaoirleach Bhord na nIontaobhaithe in ómós don Dr Ryan.

Forbairt

D'oibrigh an Ceann Forbartha Paula Shalloo ar roinnt iarratais ar mhaoiniú agus ar urraíocht i 2010; d'éirigh leis an Leabharlann sna hiarratais sin. Bhronn an Sumitomo Foundation, Tokyo, deontas flaithiúil ar an Leabharlann le haghaidh obair chaomhnaithe ar *The Tale of the Bamboo-Cutter*, scrolla tábhachtach atá i mbailiúchán na Leabharlainne. Dheimhnigh Bank of America Merrill Lynch mórurraíocht do thaispeántas leabhair ealaíne Henri Matisse ón mbailiúchán atá acu; beidh an taispeántas ar siúl sa Leabharlann i mí na Bealtaine 2011.

D'fhógair an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta scéim nua um Dheontas Teicneolaíochta Cultúrtha i 2010; chuir an Leabharlann isteach ar mhaoiniú faoin scéim d'fhonn Crios Idirchultúrtha Foghlama maille le iTour ar líne agus le suíomh idirlín soghluaiste a chur chun cinn; d'éirigh leis an Leabharlann san iarratas. Thug an Chomhairle Oidhreachta agus Comhaltaí Rannóca na Leabharlainne tacaíocht leanúnach do chlár caomhantais na Leabharlainne trí intéirneacht um chaomhantas a chomh-mhaoiniú.

Comhaltas

D'eagraigh an Comhordnóir Ballraíochta, Mary Dowling clár d'imeachtaí ilchineálacha le haghaidh na gComhaltaí i 2010. Ar bhuaicphointí na bliana áirítear bhí Seachtain Chomhaltaí na Leabharlainne a ritheadh den chéad uair riamh i mí na Samhna; d'éirigh go maith leis mar imeacht agus chuidigh sí go mór chun eolas ar an Leabharlann a thabhairt do Chomhaltaí nua.

Gné eile d'fhéilire na bliana 2010 ab ea na turais thar lear agus na turais threoraithe agus glacadh go fonnmhar leo mar a rinneadh riamh. Ar na buaicphointí bhí turas ar Pháras i mí Mhárta agus ar Oxford agus Cambridge i mí Dheireadh Fómhair.

CEANN NA mBAILIÚCHÁN

Coimeádaí Bhailiúcháin an Iarthair

Ba ar chur chun feidhme bunachar sonraí Adlib níos mó ná ar aon rud eile a bhí aire Cheann na mBailiúchán, an tUasal Horton agus a chomhghleacaithe dírithe. Ba é an príomhoifigeach caidrimh é freisin maidir leis an iniúchadh ar na bailiúcháin.

D'éirigh leis trí fhóilió mheánaoiseacha a fháil ó Leabhar Francach na dTráthanna (Wms 103 arna dhátú 1408) a bhí sa Leabharlann tráth dá raibh ach a díoladh de réir théarmaí Uacht Chester Beatty i 1969.

Chuir sé *Treasures to Share: The Chester Beatty Library Celebrating 10 Years, Years at Dublin Castle*, a thug an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta urraíocht dó, i dtoll a chéile agus rinne sé eagarthóireacht air. Bhí sé ina ionadaí don Leabharlann i léiriúcháin éagsúla sna meáin ar a n-áirítear cláir dhoiciméadaithe ar Chainéal 4 (RA) agus Conair Chultúrtha Bhaile Átha Cliath 'Dublin Culture Trail' agus thionscain sé scannán nua don Leabharlann dar theideal *The Cry of the Ox: A lament across the centuries*, a léiríodh i gcomhar le John Forde Productions.

Rinneadh obair riartha ar athchóiríocht chartlanna na Leabharlainne, ar innéacs comhaid foinse an tionscadail idirnáisiúnta Manichaean Kephalaia (ar a n-áirítear grianghrafadóireacht speictrim ilíomhá iomlán) agus ar theagasc tríú leibhéil agus léachtaí poiblí. Cuireadh tús leis an tionscadal caomhnaithe paipíre le cúnamh coimeádaithe ó Ollscoil Michigan agus ó Berlin Papyrussammlung. Fuair an Leabharlann cúnamh leis an obair sin ó Tara Kelly agus níos deireanaí fós ó Dietlind Kranefeld, beirt cúntóirí coimeádaithe páirtaimseartha.

Bailiúcháin na hÁise Thoir

Tá an post, Coimeádaí Bhailiúcháin na hÁise Thoir, folamh ó lár na bliana 2009 i leith mar gheall ar mhoratóir ar earcú san earnáil poiblí. Coinníodh an Dr Shane McCausland, Iarchoimeádaí Bhailiúchán na hÁise Thoir ar bhonn Comhairleach chun maoirsiú a dhéanamh ar shuiteáil an taispeántais, *Telling Images of China* agus chun gníomhú mar thionólaí na comhdhála lena mbaineann.

Toisc go bhfuil post an Choimeádaithe maidir leis an mBailiúchán i gceist folamh faoi láthair, ba ar an gCúntóir Coimeádaithe páirtaimseartha Laura Muldowney a bhí an chuid is mó de na freagrachtaí a bhain leis an taispeántas agus le comhdháil *Telling Images of China*, agus is ise a chuir turais treoraithe ar fáil don taispeántas. Chuir sí idirbheartaíochtaí i gcrích freisin maidir leis an taispeántas *China through the Lens* atá ar na bacáin agus atá in ainm a bheith oscailte don phobal i mí na Samhna 2011.

Rinneadh fardal iomlán de bhailiúchán na hÁise Thoir i 2010 agus iniúchadh ina dhiaidh sin ar an mbailiúchán céanna sa dara leath den bhliain d'fhonn an fhaisnéis sin a chur isteach sa bhunachar sonraí nua Adlib.

Tugadh cúnamh i rith na bliana do roinnt scoláirí ar cuairt agus feabhsaíodh an doiciméadú a bhain le bailiúchán na Leabharlainne de phriontaí Seapánacha *ukiyo-e*.



Bailiúcháin Ioslamacha

Bhíothas thar bheith gnóthach sna mBailiúcháin Ioslamacha i 2010 agus gléasadh dhá thaispeántas mhóra i nGailearaí an chéad urláir. Bhí clár léachtaí agus scannán ar siúl in éindí leis an dá thaispeántas *Muraqqa', Imperial Mughal Albums* agus *Heroes and Kings of the Shahnama*, agus tairgeadh marsantacht a bhain go sonrach leo.

Cuimsíodh ábhar ó na Bailiúcháin Ioslamacha i gceithre thaispeántas idirnáisiúnta i 2010: *Falnama: The Book of Omens* i nGailearaí Arthur Ealaíne M. Sackler, Washington, DC; The Indian Portrait sa National Portrait Gallery (Londain); *Byzantion to Istanbul—8000 Years of a Capital* in Iarsmalann Sakip Sabanci (Iostanbúl), agus *India's Fabled City: The Art of Courtly Lucknow* in Iarsmalann na hEalaíne, Los Angeles County.

Bhí Elizabeth Omidvaran cúntóir páirtaimseartha maidir le Tionscadal na lámhscríbhinní Arabacha ag maoirsiú dul chun cinn an tionscadail idirnáisiúnta sin go leanúnach. Tá iontrálacha catalóige maidir le lámhscríbhinní réalteolaíochta, astralaíochta, matamaitice agus fealsúnachta críochnaithe anois.

A bhuíochas ar dheontas de £5,000 steirling a fuarthas ó Chumann na Lámhscríbhinní Ioslamacha (TIMA) i 2009 tá bunachar sonraí ar líne de loirg shéala ó lámhscríbhinní Arabacha na Leabharlainne á chur i dtoll a chéile.

Chuidigh an Dr Jill Unkel go mór le cúram ginearálta agus le bainistiú na mBailiúchán Ioslamacha go háirithe i ndáil le cúrsaí a bhain le bunú bhunachar sonraí nua na Leabharlainne darb ainm Adlib.



LEABHARLANN TAGARTHA

Phróiseáil foireann na Leabharlainne Tagartha éadálacha an bhailiúcháin tagartha agus d'fhreagair d'iarratais ar fhaisnéis ón bhfoireann féin agus ó úsáideoirí seachtracha. Rinne an fhoireann feitheoireacht ar scoláirí ar cuairt agus ar an lucht léite sna bailiúcháin thagartha a bhíodh ag baint úsáid astu i rith na bliana. Rinneadh catalógú iomlán ar bhonn leanúnach ar bhailiúchán na leabhar clóite ón luath-thréimhse agus cuireadh i mboscaí iad i bpacáil speisialta 'phase-boxing'; rinneadh barrachódú ar an mbailiúchán tagartha freisin.



CAOMHANTAS

Ba ar shuiteáil na dtrí thaispeántas mhóra níos mó ná ar aon rud eile a bhí an Roinn Caomhnaithe ag díriú i 2010. Lean Kristine Rose léi ina ról mar Cheann Caomhnaithe gníomhach a fhad a bhí Jessica Baldwin ar saoire mháithreachais; bhí Rachel Sawicki atá urraithe ag an gComhairle Oidhreachta ina intéirneach maidir le caomhantas leabhar agus bhí Gaia Petrella ag obair mar chaomhnóir páipéir na Leabharlainne. Tháinig an síneadh ar shaoire mháithreachais Jessica Baldwin i gcrích an 1 Samhain agus d'fhill sí ar an Leabharlann mar Cheann Caomhnaithe.

Bhí an fhoireann caomhnaithe i gcall roinnt aistear cúiréara a dhéanamh i dtaca le hiasachtaí agus leis an taispeántas istigh *Telling Images of China*. Rinneadh measúnú agus caomhnú ar na taispeántáin uile mar réamhobair ullmhúcháin d'aistear agus rinneadh 69 tuarascáil deisriochta ar thaispeántáin. Ar thionscadail eile a chuaigh ar aghaidh bhí an caomhnú a rinneadh ar 200 mír, ar a n-áirítear cóireáil mezzotint, ullmhúchán priontaí *Surimono* le haghaidh an tionscadail digitithe *Ritsumeikan* agus obair ar iniúchadh bailiúcháin na Leabharlainne.

Fuair an fhoireann chaomhnaithe uile cúnamh le haghaidh forbairt leanúnach gairmiúil i rith na bliana agus bhí siad ina n-óstaigh le linn cuairteanna lucht gairmiúil ó institiúidí tábhachtacha eile ar a n-áirítear caomhnóirí leabhar ó Université de Liège agus caomhnóirí paipíre ó Ollscoil Michigan, Ann Arbor agus ón Iarsmalann Éigipteach, Beirlín. Coimisiúnaíodh tuarascáil maidir le caomhnú fadtéarmach bhailiúchán paipíre Leabharlann Chester Beatty.



2010

2010 TUARASCÁIL NA nIONTAOBHAITHE

Leabharlann Chester Beatty

Bhí ról tábhachtach ag Foireann na bhfreastalaithe, go háirithe ag James Curran maidir le suiteálacha na dtaispeántais uile agus cuireadh oiliúint i monarú boscaí agus i ngearradh ábhar gléasta taispeántán ar na freastalaithe David Steele and Alan Fitzgerald. Chuathas ar aghaidh leis an suirbhé deisreachta ar an mbailiúchán Arabach sa chéad leath den bhliain a bhuíochas ar chúnamh taca deonach Colleen Fitzgerald.

2010

2010 TUARASCÁIL NA nIONTAOBHAITHE

Leabharlann Chester Beatty

CLÁR OIDEACHAIS AGUS OIBRITHE DEONACHA

Reáchtáil an Ceann Oideachais le cúnamh an Chomhordnóra Dheonaigh Justyna Chmielewska imeachtaí do chuairteoirí agus chuir cláir nua chun cinn i rith na bliana; d'éirigh go rímhaith leis na himeachtaí. Chruthaigh an clár *Meet the Community* nasc idir cuairteoirí agus pobail eitneacha éagsúla trí cheardlanna ealaíne, trí léirsithe, trí léiriúcháin cheoil agus damhsa, trí imeachtaí do pháistí agus trí fhor-rochtain agus léachtaí. Thairg an *Community Ambassadors Programme* turais treoraithe ar na bailiúcháin bhuana i dteangacha seachas i mBéarla.

Bhí Jenny Siung ina hionadaí thar ceann na Leabharlainne sa tionscadal, Iarsmalanna mar Ionaid Agallamh Idirchultúrtha 'Museums as Places of Intercultural Dialogue' (tionscadal comhpháirtíochta Eorpach a chuimsíonn roinnt iarsmalanna agus eagraíochtaí cultúrtha); dá thoradh sin forbraíodh an tionscadal, The Learning Museum. Cuidigh an Leabharlann freisin trí sheirbhísí Oideachais dá cuid leis an gCrios Oiliúna Silk Road; tairseach iarsmalainne do pháistí atá ann agus tá páirtíochtaí eile aige i Leiden, i Súl agus i Singeapór.

Tairgeadh seirbhísí éagsúla sár-riachtanacha don phobal i gcoitinne a chuir go mór le taitneamhacht eachtra an chuairteora, ar a n-áirítear turais threoraithe, cúnamh maidir le seirbhísí cuairteora, cúnamh sa siopa bronntanais agus sa roinn caomhantais agus cúnamh maidir le comhaltas agus le himeachtaí poiblí. Ag deireadh na bliana bhí 33 Oibrí Dheonacha ann ina n-iomláine (féach an aguisín).

CEANN OIBRIÚCHÁN AGUS RIARACHÁIN

Bhí an Ceann Oibriúchán agus Riaracháin, Derval O'Carroll ar saoire mháithreachas ar feadh an chuid is mó den bhliain (d'fhill sí ar ais i mí Mheán an Fhómhair). Le linn di bheith as láthair ba é an Stiúrthóir a d'fheidhmigh a dualgais riaracháin agus maoirsithe den chuid is mó agus fuair seisean tacaíocht sna réimsí riaracháin agus margaíochta ó Anna Kadzik-Bartoszewska agus ó Paula Shalloo. Ar filleadh ar ais do Derval O'Carroll rinne sí a dícheall maidir le hobair caidrimh phoiblí (PR) thar ceann an taispeántais *Heroes and Kings of the Shahnama*, agus bhí sí gafa le dualgais riaracháin agus comhairliúcháin maidir le hearcú Stiúrthóra nua.

TEICNIÚIL

D'fhill Bainisteoir Teicniúil na Leabharlainne, Lorna Tracey, ar ais ar obair lánaimseartha i mí Lúnasa 2010 i ndiaidh 8 mí de shaoire mháithreachais. Le linn di bheith as láthair bhí teagmháil i gcónaí aici leis an Leabharlann agus le Calyx (cuideachta sheachtrach tacaithe ríomhaire a chuireann páirtchlúdach ar fáil) d'fhonn roinnt tionscadal a bhain le TF a chur ar aghaidh. Áirítear ar na tionscadail sin suiteáil líonra nua gan sreang, an iPod Tour, pleanáil an Chórais Bhainistithe Socmhainní Digiteacha agus fiosrúchán/réiteach agus ceannach maidir leis an mbogearra cúltaca nua.

CEARTA AGUS ATÁIRGEADH

Is í Sinéad Ward a choinníonn ag imeacht Oifig Chearta agus Atáirgthe na Leabharlainne ina ndéantar an obair riaracháin maidir leis na hiarratais uile ar ghrianghraif le haghaidh foilseacháin acadúla agus tráchtála agus le haghaidh doiciméadaithe. Tá comhpháirtíocht ann idir an Leabharlann agus roinnt tionscadal digitithe idirnáisiúnta sna Stáit Aontaithe, san Eoraip, san Áis san Astráil agus tá riarachán cearta digiteacha na Leabharlainne ag éirí níos tábhachtaí ná riamh. Láimhseáil an oifig gach iarratas ar íomhá le haghaidh foilseacháin na Leabharlainne féin agus gach call ag an Leabharlann le graificí ar a n-áirítear *Treasures to Share: The Chester Beatty Library Celebrating 10 Years at Dublin Castle* agus na painéil foilsithe uile sna gailearaithe.

D'fhorbair an Cúntóir maidir le Cearta agus Atáirgeadh, Frances Narkiewicz, sraith feidhmchlár ilmheáin chun gabháil leis an taispeántas *Telling Images of China*, ar a n-áirítear turas taispeántais ríomhaire boise iPod, both scáileán tadhaill a shuiteálfaí laistigh de na gailearaithe agus an chéad taispeántas fíorúil na Leabharlainne ar líne. Forbraíodh agus riaradh tionscadail eile mar atá bunú trí cinn de thionscnaimh ilmheáin a mhaoineodh an Rialtas ar a n-áirítear suíomh idirlín soghluaiste, feidhmchlár iPod maidir le turas Iarsmhlainne agus Crios Idirchultúrtha Foghlama ar líne.

Bhí lámh gníomhach ag foireann na hoifige cearta agus atáirgthe i gcomhar le comhghleacaithe eile i bhforbairt agus i dtástáil chóras riartha bhailiúcháin nua na Leabharlainne agus rinne siad maoirsiú ar an aistriú go dtí an bunachar sonraí nua Adlib.

PRÍOMHFHREASTALAÍ

In éindí le OOP mhaoirsigh an Príomhfhreastalaí James Curran an feabhsúcháin a rinneadh ar chóras cothabhála phlanda agus innealra na Leabharlann go háirithe maidir le soilse agus le hoiliúint éigeandála. Cuireadh cúnamh ar fáil freisin sna gailearaithe chun taispeántais a shuiteáil agus a dhíchóimeáil.

SIOPA BRONNTANAIS

Tuairiscíodh méadú ar mhórdhíolachán sa Siopa Bronntanais i gcomórtas leis an mbliain a chuaigh roimhe agus rinneadh an stocáireamh i gceann eatramh i lár agus ag deireadh na bliana. Thacaigh an Siopa Bronntanais le clár an taispeántais trí chatalóga, trí leabhair bhainteacha agus trí mharsantacht a dhíol.

IMEACHTAÍ

Bhí an leabharlann ina óstach do 17 n-imeacht de chineál leath-thráchtála agus d'imeacht amháin de chineál tráchtála i 2010.

SCOIR

D'éirigh an Dr Michael Ryan as Stiúrthóireacht na Leabharlainne ag deireadh na bliana 2010. D'fhreastail slua ar a n-áirítear Bord na nIontaobhaithe, an fhoireann, comhghleacaithe agus a chairde ar thionól fáiltithe in onóir an Dr Ryan an 17 Nollaig chun an tréimhse a chaith sé sa Leabharlann a cheiliúradh agus chun a ndea-mhéin a chur in iúl ar ócáid éirithe as oifig dó. Labhair an Dochtúir TP Hardiman, Cathaoirleach na nIontaobhaithe ag an ócáid fáiltithe i bhfianaise Mary Hanafin, TD, an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus aíonna oirirce, agus thug ómós do ghairmréim agus d'éachtaí suntasacha an Dr Ryan. Seo sliocht as aitheasc an Dr Hardiman:

Is sólás croí dom bheith anseo in bhur láthair ag ceiliúradh beatha agus saol Michael Ryan agus go háirithe an cion oibre as cuimse a rinne sé ar son Leabharlann Chester Beatty.

Bhí gairmréim oirirc ag Michael ar feadh dhá fhichid bliain agus ba mhór an t-ádh ag leabharlann Chester Beatty Stiúrthóir dá leithéid a bheith aici ar feadh tréimhse a leathoiread chomh fada léi. D'iarr oifig an Taoisigh ar Michael sna luathnaochaidí tráth a raibh cúrsaí go dona ar fad i Leabharlann Chester Beatty am saor a ghlacadh ó na cúraimí a bhí air mar Choimeádaí Ársaíochtaí na hÉireann san Ard-Mhúsaem chun na fadhbanna sa Leabharlann a réiteach. Seandálaí oirirc a bhí i Michael a raibh cáil ó thaobh taighde agus foilseacháin de bainte amach aige ina réimse féin agus ghlac sé air féin an tasc neamhtaitneamhach sin. Ní hamháin go ndearna sé gortghlanadh de na fadhbanna a bhí ann ach bhí sé den tuairim go raibh call le háiseanna ar chaighdeán níos airde ó thaobh coimeádta, caomhnaithe agus taispeána de ná mar bhí ar fáil i mBóthar Shrewsbury.



Ghlac sé post an Stiúrthóra agus chuaigh sé i mbun oibre chun Leabharlann Chester Beatty a athrú agus a aistriú go dtí Caisleán Bhaile Átha Cliath.

Tá leabhar fós le scríobh maidir leis an gcaoi a ndeachaigh Michael caol díreach ar aghaidh sa dara leath de na naochaidí leis an bhfís a bhí aige a chur i ngníomh, maidir le tógáil áiseanna iarsmalann ealaíne úrscothach i bhFoirgneamh an Chlogthúir anseo i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, maidir le haistriú na mBailiúchán ón ionad neamhdhóthaineach ag Bóthar Shrewsbury agus maidir leis an ngluaiseacht a cuireadh faoi shraith de chláir choimeádta, chaomhnaithe agus oideachais atá ina mbonntaca do na taispeántais shuntasacha a bhí ar siúl le blianta beaga anuas. Si monumentum requiris, circumspice.

Tugadh aitheantas do mhórghníomh Michael nuair a ainmníodh Leabharlann Chester Beatty mar Iarsmalann Éireannach na Bliana ina bhfoirgneamh baile nua i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i 2010. Tugadh móraitheantas idirnáisiúnta do Leabharlann Chester Beatty nuair a ainmníodh í mar Iarsmalann Eorpach na Bliana i 2002.

Tá Michael in ainm a bheith tíosach maidir le húsáid agus riar acmhainne agus in ainneoin an bhuiséid theoranta a bhí aige d'éirigh leis feidhmeanna gairmiúla coimeádta, caomhantais agus oideachais a chur chun cinn agus mar is léir chuir sé clár taispeántas sármhaith ar fáil le blianta beaga anuas a chuir le clú Leabharlann Chester Beatty thoir agus thiar.

An tráth a raibh na bailiúcháin suite i mBóthar Shrewsbury ba ghnáth thart ar chúig mhíle cuairteoir a theacht chuici in aghaidh na bliana. Anois tagann thart ar cheathrú milliún cuairteoir.

Tá tagairt déanta agam do Michael mar scoláire oirirc sa tseandálaíocht, a réimse staidéir roghnaithe agus amach ó an

cúraimí atá air mar Stiúrthóir Leabharlann Chester Beatty scríobh sé méid mór leabhar agus páipéar i gcaitheamh na mblianta. Is Comhalta Oinigh sé de TCD, is Ollamh Taca é in UCD agus bhí sé d'onóir aige bheith tofa ag a chomhpháirtithe acadúla mar Uachtarán ar Acadamh Ríoga na hÉireann ar feadh an téarma trí bliana. Le linn a théarma oifige bhunaigh sé próiseas pleanála straitéisí don Acadamh atá iontach fóinteach don institiúid sin fós.

Tá cáil idirnáisiúnta ar Michael agus a buíochas sin ainmníodh é ar Choiste an líonra Iarsmalann Eorpach agus Áiseach, ASEMUS. Tá cuimse shaothar ealaíne ón Áis á choinneáil in Iarsmalanna móra na hEorpa ach ní amhlaidh scéal in iarsmalanna na hÁise. Tá sé d'aidhm ag ASEMUS an scéal sin a chur ina cheart trí úsáid éifeachtúil a bhaint as na meáin nua-aimseartha. Tugadh isteach an córas, Bailiúchán Fíorúil na Sárshaothar (BFS) ceithre bliana ó shin agus anois tá níos mó ná trí fhichid iarsmalann ar fud na hEorpa agus na Áise ag cur íomhánna ardchaighdeánacha de shárshaothar ó na bailiúcháin atá acu ar taispeáint ar líne. Aidhm shainráite BFS is ea 5,000 saothar ealaíne Áiseach a chur ar fáil faoi cheann na bliana agus cur síos ilteangach ag gabháil leo ar mhaithe leis an áisiúlacht. Tá na scileanna pleanála straitéisí aige curtha chun sochair ASEMUS agus tá Leabharlann Chester Beatty sonraithe ar an suíomh idirlín iontach atá ag BFS mar pháirtí Éireannach.

TPH - 17 Nollaig 2010

Portraiture

AGUISÍN

FOIREANN NA LEABHARLAINNE

Stiúrthóir:
Michael F. Ryan, MA, PhD, MRIA, FSA
(éirithe as 31 Nollaig 2010)
Ceann Forbartha:
Paula Shalloo, BA
Cúntóir Pearsanta don Stiúrthóir:
June Lattimore
Comhordnóir Comhaltas:
Mary Dowling, BA

Ceann na mBailiúchán agus Coimeádaí Bhailiúcháin an Iarthair:
Charles Horton, MA, Diop. i Staidéir Chartlainne
Coimeádaí na mBailiúcháin Ioslamacha:
Elaine Wright, MA, MPhil, DPhil
Coimeádaí Bhailiúcháin na hÁise Thoir:
folamh
Leabharlannaí Tagartha:
Celine Ward, BA, MLIS
Cúntóir Sinsearach Leabharlainne:
Hyder Abbas, BA, Ard-Diop. LIS
Ceann Oideachais:
Jenny Siung, MLitt, MLitt, Ard-Diop. i Riarachán Ealaíon, Ard-Diop. in Oideachas Aosach agus Pobail
Head of Conservation:
Jessica Baldwin, BA Onór. i gCaomhantas

Caomhnóir Sinsearach:
Kristine Rose, ACR, BA Onór. i gCaomhantas
Caomhnóir:
Gaia Petrella, MA
Rachel Sawicki, MA (Intéirneach maidir le Caomhnú Leabhar arna hurrú ag an gComhairle Oidhreachta)
Cúntóirí Coimeádaithe:
Laura Muldowney, MA
Jill Unkel, MSc, MPhil, PhD
Elizabeth Omidvaran, MLitt
Dietlind Kranefeld, MA
Tara Kelly, MA

Ceann Oibriúchán agus Riaracháin:
Derval O'Carroll, MA
Bainisteoir Teicniúil:
Lorna Tracey, BSc
Bainisteoir Airgeadais:
Vera Greif
Cúntóir Riaracháin:
Anna Kadzik-Bartoszewska, BA, BArchSC, MLitt
Oifigeach Cearta agus Atáirgthe:
Sinéad Ward, MA, Ard-Diop. i Riarachán na nEalaíon
Bainisteoir Siopa:
Rie Mishima, BA
Cúntóirí Siopa:
John Synott, BComm
Marta Przyluck, MA
Comhordnóir Imeachtaí:
Lisa Fitzsimons, MA
Comhordnóir Deonach:
Justyna Chmielewska, MLitt
Cúntóir um Chearta agus Atáirgeadh:
Frances Narkiewicz, BA

Príomhfhreastalaí:
James Curran
Freastalaithe Sinsearacha:
Kevin Hackett
John Madden
Freastalaithe:
Joseph Doyle
Val Kavanagh
Tony Gallagher
Brendan Lynch
David Steele
Martin O'Leary
Syed Usman Alishah
Alan Fitzgerald
Colm Kiernan

OIBRITHE DEONACHA

Treoraithe Turais:
Joan Barnewell
Dorothy Dennis
Susan Dillon
Jack Fitzgerald
Delphine Kelly
Patricia McCabe
Janet Martin
Nateghe Moane
Michael O'Connell
Mary O'Riordan
Heidi O'Rourke
Cathriona Russell
Orla Ryan
Margaret Sheehy

Ionadaithe Seirbhísí Cuairteora:
Hiromi Anzai
Margaret Brady
Mairin Cullen
Maura Fennell
Colleen Fitzgerald
Noel Gorman
Kurt Kullmann
Mary Neville
Brian O'Neill
Rita Sutton

Cúntóirí Miondíola:
Nicola Dunne
Edicleia Reis de Oliveira

Cúntóirí Comhaltais:
Andrea Dodd
Mary McGrath
Aisling Randles

Dearaidh Ghrafaigh:
Emma Byrne

CLÁR COMHARDAITHE

31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €	2009 €
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní seasta inláimhsithe	7	1,870,345	2,063,803
Infheistíochtaí	8	1,216,055	1,202,287
		3,086,400	3,266,090
Sócmhainní Reatha			
Stoic shiopa		186,243	194,356
Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí		58,157	42,440
Cuntais taisce bhainc - srianta	9	338,965	417,642
Cuntais taisce bhainc - neamhshrianta		305,458	256,388
Cuntais reatha bhainc		457,063	555,949
		1,345,886	1,466,775
Dliteanais Reatha			
Creidiúnaithe agus fabhruithe		(189.582)	(201,293)
Sócmhainní reatha glana		1,156,304	1,265,482
		4,242,704	4,531,572
Cistí caipitil agus ioncaim			
Cistí caipitil		302,030	302,030
Cistí srianta	9	2,043,950	2,261,582
Cistí neamhshrianta		780,669	865,673
		3,126,649	3,429,285
Ciste Forbartha	12	1,116,055	1,102,287
		4,242,704	4,531,572

Iontaobhaithe: Dr TP Hardiman, Prof R Stalley.
Stiúrthóir/Leabharlannaí: Ms. F. Croke.